ATHBHREITHNIÚ AR AN GCÓRAS CEARTAIS CHOIRIÚIL AG EASCAIRT AS IMNÍ PHOIBLÍ FAOI FHORBAIRTÍ A RINNEADH LE DÉANAÍ

AIGHNEACHT ÓN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ

RÉAMHRÁ

1. Tá iarrtha orm ag an gComhchoiste ar Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan aighneacht a dhéanamh chuig an gcoiste a bheartaíonn tabhairt faoi "athbhreithniú ar an gcóras ceartais choiriúil ag eascairt as imní phoiblí faoi fhorbairtí a rinneadh le déanaí".

2. Cé go bhfáiltím roimh thionscnamh an Choiste na héisteachtaí seo a thionól, tá roinnt imní orm faoi teacht os comhair an choiste, agus léirigh mé an imní sin don gCathaoirleacht i litir dar dáta an 21 Samhain 2003. Tá mo litir san áireamh mar Aguisín 1 san aighneacht seo.

3. Cé nach bhfuil sainmhíniú tugtha ag an gCoiste ar na "forbairtí a tharla le déanaí" dá dtagraíonn sé, glacaim leis go mbeartaítear déileáil leis an bhfreagairt ar an gcóras ceartais choiriúil i leith buíonta coireachta eagraithe, go háirithe iad sin a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí. Díríodh aird air sin tar éis deireadh a theacht le triail ar leith inar mhainnigh seisear finnéithe ionchúisimh fianaise a thabhairt de réir a ráiteas.

Ról an SIP

4. Caithfidh an Coiste, agus an aighneacht seo á léamh acu, a bheith ar an eolas faoi na teorainneacha a bhaineann le mo ról mar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) sa chóras ceartais choiriúil. Níl aon fheidhm imscrúdaithe ag an SIP i ndáil le coireacht. Is ceist don Gharda Síochána é imscrúdú coiriúil. Féadfaidh an Garda Síochána comhairle dhlíthiuil a iarraidh ar an SIP ag an staid imscrúdaithe, ach i bhformhór na gcásanna ní bhíonn an SIP rannpháirteach sa chás go dtí go mbíonn comhad ullmhaithe ag an nGarda Síochána agus curtha chuig an SIP i gcomhair cinnidh cibé ar chóir ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. Nuair a chinneann an SIP ionchúiseamh a dhéanamh bíonn sé freagrach as

ionchúiseamh an cháis ina dhiaidh sin. Stiúrann aturnaetha a bhíonn fostaithe ag an SIP nó a bhíonn ag obair ar chonradh leis an Stát an cás, chomh maith le habhcóidí a bhíonn ag gníomhú ar threoracha an SIP.

An Comhthéacs níos Leithne: Sochaí

5. Cé go bhfuil an aighneacht seo teoranta do cheisteanna a eascraíonn as mo réimse freagrachta, eadhon ionchúiseamh coiriúil, tá sé tábhachtach nach ligfear i ndearmad gur ann do na ceisteanna seo i gcomhthéacs sóisialta níos leithne, a áiríonn fadhb na handúileachta drugaí in Éirinn, an timpeallacht sh óisialach agus eacnamúil ina mbláthaíonn buíonta drugaí, éifeachtacht na gclár chun daoine óga a choinneáil ó thrioblóid agus déileáil le ciontóirí óga, agus éifeacht an chultúir foréigin pharaimíleataigh agus an fáil a bhíonn ar airm agus ar shaineolas do bhuíonta coiriúla ó ghrúpaí paraimíleatacha.

An Comhthéacs níos Leithne: An Córas Ceartais Choiriúil

6. Ní mór freisin machnamh ar fhadhbanna reatha i gcomhthéacs an chórais cheartais choiriúil ina iomláine. Ní hamhlaidh an cás go simplí go bhfuil an córas ceartais choiriúil ina iomláine i ngéarchéim, cé nach bhfuil aon chúis ann le bheith bogásach faoi na fadhbanna atá romhainn i ndul i ngleic le coireacht eagraithe. In ainneoin méadú mór sa ráta dúnmharuithe le blianta beaga anuas tá ráta coireachta níos ísle in Éirinn ná atá i sochaithe forbartha eile an Iarthair, cé go bhfuil an ráta coireachta ard in áiteanna áirithe. I bhformhór mór na gcásanna a thugtar os comhair na cúirte, feidhmíonn an córas trialach go maith. Críochnaíonn thart ar 90% d'ionchúisimh indíotáilte i bpléadáil ciontach, agus den chuid eile bíonn ciontú i thart ar leath acu agus éigiontú i leath, rud a fhágann ráta ciontaithe foriomlán de beagnach 95% (féach Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2001, Cairteanna 10.7 agus 10.8). In óráid a thug Breitheamh Carney den Ard-Chúirt le déanaí luadh go mbíonn éigiontuithe i gcásanna dúnmharuithe fíor-annamh, agus i mbeagnach gach trial dúnmharuithe a "chonspóidítear" nach mbaineann an fhíor-cheist leis an gcúisí a bheith ciontach nó neamhchiontach ach go mbaineann sé le cibé an dúnmharú nó dúnorgain a bhí sa choir. Ní shéanaíonn sé seo, ar ndóigh, nach bhfuil líon suntasach de chásanna dúnmharuithe ann nach mbíonn dóthain fianaise ag an nGarda Síochána fiú chun iarraidh ar m'Oifig ionchúiseamh a dhéanamh agus dá bhrí sin nach mbíonn aon triail ann.

7. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a chinntiú nach mbaineann aon athruithe a dhéantar sa chóras ceartais choiriúil an bonn den chóras a mhéad go bhfeidhmíonn sé go maith. Tá sé tábhachtach chomh maith go ndéanfar dea-mhachnamh ar aon athruithe, go mbeidh siad slán i bprionsabal agus go mbíonn meas acu ar chearta bunreachtúla daoine cúisithe chun trialach cothrom chomh maith le cearta na n-íospartach a chosaint.

8. Tá roinnt réimsí den dlí choiriúil, áfach, a chreidim ba chóir a leasú agus a bhfuil, i mo thuairimse, an meá ró-mhór i bhfabhar na ndaoine cúisithe agus nach ndéileáiltear leis an bpobal, leis an tsochaí ina hiomláine, ar bhonn comhionann leis an gcosaint. Baineann go leor de na réimsí seo le ceisteanna nósanna imeachta nach bhfuil mórán aird tugtha orthu ag leasaitheoirí dlí le roinnt bliana anuas faoi mar a tugadh don dlí substaintiúil. Tá leasú as cuimse déanta ar an dlí coiriúil substaintiúil le fiche bliain anuas, go leor de chun clár an-chuimsitheach athchóirithe dlí, arna mholadh ag Coimisiúin um Athchóiriú an Dlí i ndiaidh a chéile, a chur i bhfeidhm i rith na tréimhse. Mar thoradh air sin , tá go leor den dlí coiriúil, lena n-áirítear dlíthe a bhaineann le goid, calaois, brionnú, robáil, buirgléireacht, banéigean agus cionta gnéis eile, cionta drugaí, cionta oird phoiblí, damáistí coiriúla agus cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine, anois i reachtanna nua-aimseartha. Tá roinnt bearnaí tábhachtacha fós ann, go sonrach dúnbhású, díspeagadh cúirte agus mionnú éithigh, a rialaítear go príomha trí dhlí coiteann arna dhéanamh ag breithimh. Níl aghaidh tugtha ar an dlí coiriúil a bhaineann le nósanna imeachta, áfach, chomh mion agus atá ar athchóiriú reachtach. Déanann Tuarascáil Fennelly roinnt moltaí ar na ceisteanna nósanna imeachta, ach a mhéad a bhaineann siad leis an tasc príomha imcrúdú a dhéanamh ar dhlínse na gcúirteanna.

An Fhianaise a Fháil

9. Is í an phríomhfhadhb don chóras ceartais choiriúil i bhfreagairt do na buíonta drugaí ná dóthain fianaise a bhailiú chun go n-éireodh le hionchúiseamh. Nuair a dhéanann buíonta eagraithe coireanna agus go mbíonn siad ullamh foréigean as cuimse a úsáid, agus go bhfuil sin déanta cheana acu, d'fhéadfadh finnéithe sibhialacha a bheith faoi bhrú gan fianaise a thabhairt. Is amhlaidh seo cibé an

mbíonn buíon eagraithe chun brabach a dhéanamh nó ar ann dó chun cuspóir polaitiúil éigin a chur chun cinn.

10. Cruthaíonn an deacracht a bhaineann le finnéithe a fháil le teacht chun cinn dúshlán don imscrúdaitheoir féachaint ar féidir úsáid a bhaint as bealaí malartacha chun fianaise a fháil. Áirítear ar mhodhanna den sórt sin a bheith ag brath níos mó ar fhianaise dhlí-eolaíoch agus úsáid a bhaint as faireachas faoi rún, ní hamháin chun faisnéis a fháil agus chun fianaise is féidir a úsáid a fháil. Tá a mhéad a bhféadfaí feabhas a chur ar bhealaí ina féidir fianaise nach bhfuil spleách ar fhinnéithe sibhialacha a fháil i gcásanna den sórt sin lasmuigh de mo réimse inniúlachta ach is ceist é a d'fhéadfadh an Coiste a phlé go húsáideach leis an nGarda Síochána.

MOLTAÍ D'ATHCHÓIRIÚ

Úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gCúirt Choiriúil Speisialta agus modhanna cosúil leo sin a bhíonn in úsáid in aghaidh choireacht sceimhlitheoireachta

11. Tá molta ag roinnt tráchtairí go mbainfí úsáid as an gCúirt Choiriúil Speisialta agus go dtabharfaí isteach bearta ar aon dul leo sin a bhíonn in úsáid in aghaidh sceimhlitheoireacht nuair a bhítear ag déileáil le buíonta coireachta eagraithe. Ardaíonn moltaí den sórt sin ceisteanna tábhachtacha polasaí, ar faoin Rialtas, faoin Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus faoin Oireachtas a bheadh sé aghaidh a thabhairt orthu. Níl sé ar intinn agam ladar a chur i ndíospóireacht polasaí den sórt sin ach aird a tharraingt ar na ceisteanna teicniúla a thiocfadh chun cinn.

12. Mar atá an dlí faoi láthair, tá an chumhacht agam, faoi alt 46 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939, triail a chur chuig an gCúirt Choiriúil Speisialta nuair a bhím den tuairim nach leor na gnáthchúirteanna chun riaradh éifeachtach an cheartais agus caomhnú na síochána poiblí agus an oird phoiblí a áirithiú i ndáil leis an triail áirithe sin. Mar gheall ar an áit atá ag triail le giúiré sa scéim bhunreachtuil is cumhacht í a chreidim nár chóir dom a úsáid go réidh, ach mar sin féin is cumhacht í a bhfuil sé de dhualgas orm a fheidhmiú má bhím den tuairim chuí.

Baineadh úsáid as an gcumhacht ar líon beag ócáidí le blianta beaga anuas i ndáil le cionta a rinne buíonta coireachta eagraithe seachas sceimhlitheoirí.

13. Tá plé ar go bhféadfaí úsáid a bhaint as an gCúirt Choiriúil Speisialta chun déileáil le coireacht eagraithe i dTuarascáil Choiste Hederman chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939-1998 agus nithe gaolmhara ag ll 224-7. Níl aon amhras ach go lagfadh úsáid fhorleathan as an gCúirt Choiriúil Speisialta chun cásanna lena mbaineann coireacht eagraithe a chur ar triail an córas giúiré agus go mbeadh an claonadh ann an Chúirt Choiriúil Speisialta a bhunú mar fhoras buan de chuid an Stáit. Bheadh sé freisin in aghaidh an bheartaithe deireadh a chur leis an gCúirt Choiriúil Speisialta de réir a chéile, a bhí mar ghné de Chomhaontú Bhéal Feirste.

14. Sheachnódh cásanna coireachta eagraithe a chur chuig an gCúirt Choiriúil Speisialta imeaglú giúróirí sa chás gur dócha go mbeadh sé sin ina fhadhb, ach ní sholáthróidh cás a chur chuig an gCúirt Choiriúil Speisialta fianaise sa chás go mbíonn easpa fianaise ann. Ní dócha ach oiread go seachnódh tarchur den sórt sin go bhféadfadh go ndiúltódh finnéithe fianaise a thabhairt mar gheall ar eagla nó imeaglú.

15. Baineann níos mó ná díreach úsáid a bhaint as cúirteanna gan giúiré leis an straitéis atá forbartha i rith na mblianta chun déileáil le coireacht sceimhlitheoireachta, ach ceadaíonn chomh maith úsáid a bhaint as cumhachtaí coinneála níos forleithne agus cumhachtaí speisialta bailithe fianaise i ndáil le cionta sainiúla. Is féidir le cumhachtaí den sórt sin an brath ar fhinaise ó shibhialaigh a laghdú. Áirítear ar na cumhachtaí atá i gceist úsáid a bhaint as fianaise tuairime na bPríomh-Cheannfort i ndáil le cúisimh de chomhaltas d'eagraíocht neamhdhleathach agus an chumhacht tátail áirithe a bhaint as tost atá san Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit (Leasú) 1998, sa chás go mbíonn cionta áirithe á n-ionchúiseamh. Áirítear orthu freisin an chumhacht daoine atá faoi dhrochamhras a choinneáil ar feadh suas le 72 uair an chloig.

16. Dá mbeadh pacáiste de bhearta dlíthiúla, cosúil leo sin atá i bhfeidhm i láthair na huaire i leith sceimhlitheoireachta, le cur i bhfeidhm ar choireacht eagraithe,

d'fhéadfadh go n-áireofaí ar an bpacáiste sin, chomh maith le tagairt do chásanna atá le cur ar triail sa Chúirt Choiriúil Speisialta gan ghiúiré, cuid díobh seo a leanas, nó gach ceann díobh: -

(1) cumhachtaí leathnaithe gabhála agus coinneála

(2) cionta nua mar chomhaltacht de bhuíon coireachta eagraithe nó rannpháirteacht i gcoireacht eagraithe, agus gníomhaíochtaí bhuíon den sórt sin nó coireanna eagraithe a stiúradh,

(3) go bhféadfaí fianaise tuairime oifigeigh shinsearaigh den Gharda Síochána a sholáthar i ndáil le cionta den sórt sin, agus

(4) an chumhacht chun tátail a bhaint as tost i gcásanna áirithe a mhéadú.

17. Is athrú mór ar ár gcóras ceartais choiriúil a bheadh i nglacadh leis an bpacáiste iomlán beart seo i gcomhar le húsáid mhéadaithe de chúirteanna gan giúiré. Is léir go mbíonn tráth ann go gcaitheann sochaí céimeanna diana a ghlacadh chun í féin a chosaint, ach má chaitear breithiúnas polaitiúil a dhéanamh cibé an bhfuilimid ag an tráth sin nó cibé an bhfuil céimeanna éifeachtacha is féidir a ghlacadh fós chun déileáil leis an bhfadhb gan athruithe móra a dhéanamh ar an gcóras ina iomláine. Is breithiúnas don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é an breithiúnas sin sa chéad ásc. Tuigim gur dhiúltaigh an tAire an rogha fianaise tuairime Garda a cheadú sa réimse seo. Níl aon amhras ach go léireodh glacadh le fianaise tuairime Garda maidir le déanamh coire athrú forleathan ar an tslí a n-oibríonn an córas agus go méadódh sé cumhachtaí póilíneachta go mór. Tá glactha lena úsáid i ndáil le coireacht sceimhlitheoireachta ach is cinnte gur de chineál difriúil é an baol ó sceimhlitheoireacht agus an baol ó choireacht eagraithe. Is dóichí go scrúdódh Cúirteanna na hÉireann agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gluaiseacht den sórt sin.

18. Maidir leis an gcion molta de chomhaltas de bhuíon coireachta eagraithe, nó a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí bhuíon coireachta eagraíochta, tá deacrachtaí follasacha teicniúla ann. Ar an gcéad dul síos, is coir eagraithe i bprionsabal aon choir a dhéanann níos mó ná aon duine amháin, cé go bhféadfadh an méid eagraíochta a bheith an-bheag. D'fhéadfaí ceist a ardú maidir le cibé an bhfuil na tréithe riachtanacha ag buíonta coireachta ionas go bhféachfaí orthu mar "eagraíochtaí" - ní dócha, mar shampla, go mbeidh rialacha nó nósanna imeachta

foirmiúla acu agus d'fhéadfadh siad a bheith ina gcomhlachtaí a bheadh cineál éagruthach. D'fhéadfadh nach mbeadh ainm acu fiú, seachas ainm a gceannasaí, agus d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair sainmhíniú nó tuairisc a thabhairt orthu. D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh siad le chéile ach i gcomhair aon choir amháin. D'fhéadfadh go mbeadh baint ag níos mó ná buíon amháin leis an gcoir chéanna. Ní bheidh aon chuspóir acu de ghnáth seachas airgead a dhéanamh. Ach fiú amháin gan na tréithe seo is eagraíochtaí de chineál iad i gcónaí. Is deacair a fheiceáil go bhféadfaí gníomhaíocht ar nós allmhairiú, dáileadh agus díol drugaí a dhéanamh gan comhlacht éigin a bheith ann ar féidir cur síos a dhéanamh i gceart air mar eagraíocht, cé go bhféadfadh sé a bheith deacair tuairisc a thabhairt air in ionstraim dhlíthiúil á thoirmisceadh. Níl amhras ar bith ach go bhfuil éagsúlacht mhór i méid eagraíochta na mbuíonta coireachta, ag réimsiú ó leibhéal ard eagraíochta a bhíonn bainteach le coireanna casta a dhéanamh go dtí socruithe níos díomuaine agus *ad hoc* ag an taobh eile den scála.

Cumhachtaí Coinneála

19. Tagann roinnt saincheisteanna dlíthiúla chun cinn i ndáil le cumhachtaí coinneála. I láthair na huaire tá trí phríomhfhoráil a bhaineann le cumhachtaí coinneála ag an nGarda is dealraitheach a bheith ábhartha:

    (a) alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984, arna leasú, a fhorálann do choinneáil ar feadh sé huaire an chloig is féidir a shíneadh ar feadh sé huaire an chloig eile i gcás gach ciona faoi aon achtachán, nó de bhua aon achtacháin, is inphionóis le príosúnacht cúig bliana.

    (b) na forálacha a bhaineann le cionta gáinneála drugaí ata san Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996, atá cineál casta ach a cheadaíonn coinneáil ar feadh suas le seacht lá i roinnt imthosca agus

    (c) alt 30 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit a cheadaíonn coinneáil ar feadh suas le 72 uaire an chloig sa chás go bhfuil drochamhras faoin duine a bhíonn coinnithe as cion faoin Acht nó cion sceidealta a dhéanamh. Áirítear ar chionta sceidealta i láthair na huaire cionta pléascaigh agus airm tine. Níl dúnmharú ann féin san áireamh ach clúdaítear dúnmharú lena mbaineann úsáid a bhaint as arm tine nó pléascach, agus ní gá go mbeadh baint ag an gcion le sceimhlitheoireacht.

20. Cé gur ábhar imní don imscrúdaitheoir seachas don ionchúisitheoir go príomha iad cumhachtaí coinneála ag an nGarda, is fiú a thabhairt ar aird i láthair na huaire go bhfuil roinnt cionta tromchúiseacha ann nach mbíonn aon chumhacht ag an nGarda Síochána gabháil agus coinneáil a dhéanamh ar amhras. Is iomaí cion atá ann a bhfuil an pionós uasta níos mó ná cúig bliana, ach nach bhfuil aon chumhacht gabhála ann mar go bhfuil an pionós socraithe faoin dlí coiteann agus ní de bhua aon achtacháin. Áirítear orthu seo formhór na gcionta comhcheilge, agus an cion iarracht a dhéanamh cúrsa an cheartais a shaobhadh. Tuigim go bhfuil sé ar intinn ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tabhairt faoin gceist sin go luath amach anseo. Is cosúil é a bheith aimhrialta gur féidir duine a choinneáil faoi alt 30 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939, mar thoradh ar dhúnmharú a dhéantar trí lámhach nó pléascach, agus nach féidir mar thoradh ar dhúnmharú a dhéantar trí shá nó modh eile maraithe.

Inghlacthacht Ráiteas - Riail Cheanada

21. Tá moladh déanta gur chóir go n-athródh Éire a riail i ndáil le hinghlacthacht ráiteas a dhéantar don Gharda Síochána ach a tharraingítear siar ina dhiaidh sin ag triail. Tá an múnla atá glactha i gCeanada molta.

22. Cé go measaim go bhféadfadh seo a bheith ina athchóiriú inmhianta, agus ceann a dtacóinn leis, sílim go bhfuil sé tábhachtach a threisiú gur dócha nach mbeadh luach leis ach in aicme treoranta cásanna, iad sin ina ndéanann finné ráiteas agus a tharraingíonn siar ina dhiaidh sin é. Ní dhéanfadh sé aon rud chun tabhairt faoin bhfadhb go ndiúltaíonn finné ráiteas a dhéanamh beag ná mór, nó nach ndéileálfaidh sé nó sí leis na póilíní ach amháin ar bhonn rúndachta, is é sin, a dhéanfaidh ráiteas do na gardaí mar fhaisnéis dóibhsan amháin ach nach bhfuil le húsáid in imeachtaí cúirte. Pé scéal é, ó tharla go mbeadh an líon cásanna ina mbeadh sé in úsáid beag ní cúis é sin gan glacadh leis. De bhrí gur ceist cineál teicniúil í tá riail Cheanada pléite níos mine agam in Aguisín 2.

SAINCHEISTEANNA NÓSANNA IMEACHTA

Moill

23. Is fadhb mhór é an mhoill a bhíonn ar chásanna a thabhairt chun trialach dar liom. Seachas an neamhchothroime folasach do na híospartaigh agus don chúisí is féidir a bheith ann le moilleanna fada chun trialach a fháil, is féidir le moill iarmhairtí neamhinmhainta eile a bheith aige. Dá fhaide a ghlacann sé cásanna a thabhairt chun trialach, is mó ama atá ann dóibh sin a lorgaíonn cúrsa an cheartais a shaobhadh tionchar a imirt ar fhinnéithe agus is deacra a bhíonn sé éilimh finnéithe nach gcuimhníonn siad ar imeachtaí a agóid, agus go deimhin, is dóchúla go dteipfidh i ndáiríre ar chuimhne na bhfinnéithe. Nuair a chuirtear moill fhada ar thriail, is deacra a bhíonn sé don ionchúiseamh cur in aghaidh iarratas ar bhannaí. Tá na moilleanna reatha sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, a chuireann go bunúsach cásanna dúnmharuithe agus éignithe ar triail, i mo thuairimse neamh-inghlactha. Tá liosta feithimh 12 mhí ann i láthair na huaire do dháta tar éis cás a chur síos i gcomhair trialach. Ní shroichtear gach cás ansin agus iad sin nach sroichtear téann siad siar go dtí deireadh na scuaine arís. Tá cásanna ann a bhíonn ar an liosta ar feadh 4 nó 5 bliana.

24. Is ann don staid sin in aineoinn sár-iarrachtaí na mbreithiúna atá sannta don Phríomh-Chúirt Choiriúil cúrsaí a fheabhsú. Bhí seisear Breitheamh den Ard-Chúirt ina suí i rith gnáthshaoire na cúirte chun cabhrú leis an riaráiste a ghlanadh. Fós féin tá na moilleanna substaintiúil. Is 206 an líon cásanna a bhí liostaithe sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ag tús an téarma seo i mí Deireadh Fómhair 2003. Is 116 an líon cásanna a éisteadh anuraidh i rith na suíonna rialta dlíthiúla, agus le suíonna Mheán Fómhair san áireamh, ba shin 139. Tugann sé seo le tuiscint nach bhfaighidh go leor cásanna atá liostaithe faoi láthair éisteacht laistigh de na chéad 12 mhí eile. Ba chóir a mheabhrú freisin go bhféadfadh sé go mbeadh roinnt mhaith ama caite tar éis cion a dhéanamh nuair a bhíonn an cás le feiceáil ar dtús báire sa liosta.

25. Bíonn toradh eile ar na moilleanna seo go mbíonn an deis ag coirpigh ghairmiúla a bhíonn ag feitheamh ar thriail tuilleadh cionta a dhéanamh idir an dá linn. Tugann a éasca a dheonaítear bannaí amanna neart deiseanna dóibh sin a dhéanamh.

26. Dá gcuirfí triúr breithiúna breise ar an bPríomh-Chúirt Choiriúil laghdófaí láithreach an meán-am feithimh go substaintiúil agus ghlanfaí an riaráiste go hiomlán laistigh de chúpla bliain. Ní liomsa a rá an bhféadfaí sin a dhéanamh ó na hacmhainní atá cheana ann nó an mbeadh gá le breithiúna breise den Ard-Chúirt a cheapadh, ach fiú más amhlaidh go gcaithfí, chaithfeadh anailís costas/sochair an costas don tsochaí mar gheall ar an droch-cháil atá ar an gcóras ceartais choiriúil mar gheall ar mhoill a chur san áireamh. Go deimhin, is foinse de chaiteachas airgeadais nach bhfuil gá leis don Stát iad na moilleanna reatha mar go gcaitear abhcóidí a íoc do chásanna a bhíonn liostaithe agus nach dtéann ar aghaidh, agus d'fhéadfadh suim de €250,000 sa bhliain ar an meán i dtáillí a bheith ann don ionchúiseamh agus in íocaíochtaí don chosaint ar chúnamh dlíthiúil (meastachán ón bPríomh-Aturnae Ionchúisimh Gníomhach).

27. Is í an Phríomh-Chúirt Choiriúil an chúirt choiriúil is mó a bhfuil moilleanna tromhchúiseacha inti. Bíonn an Phríomh-Chúirt Choiriúil réasúnta cothrom le dáta go hiondúil cé go bhfuil deacrachtaí i roinnt réimsí. Bhí fadhbanna freisin leis an gCúirt Achomhairc Choiriúil. Go deimhin i gcás amháin inar thug mé iarratas chun athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith ar fhorais trócaireachta míchuí lenar bhain pianbhreith gearr, chinn an Chúirt go raibh an phianbhreith trócaireach go míchuí ach níor ghearr sí pianbhreith níos faide mar go raibh an duine ciontaithe scaoilte saor cheana féin agus chinn an Chúirt go mba nós imeachta míchothrom a bheadh ann é a chur ar ais faoi choimeád. Ag tráth a scríofa, tá breithiúna ag déanamh iarracht láidir riaráiste na Cúirte Achomhairc Choiriuil a ghlanadh agus bhí suíonna breise ag an gcúirt seo le déanaí.

Socruithe Cúirte

28. Tá gá práinneach le freastal a dhéanamh ar na socruithe fisiciúla i gcúirteanna coiriúla lena chinntiú nach féidir le daoine cúisithe agus a gcairde imeaglú a dhéanamh go héasca ar fhinnéithe stáit. Bheadh an leagan amach idéalach cosúil leo sin atá i gCúirteanna nua Thaobh an Lagáin i mBéal Feirste. Bíonn seomraí ag finnéithe ionchúisimh inar féidir leo feitheamh sula dtugann siad a bhfianaise. Téann siad isteach sa chúirt trí bhealach isteach difriúil ón gcúisí agus bíonn siad ina suí amach go maith ó stánadh an chúisí agus a chairde nó a cairde. Is é beagnach a mhalairt go díreach atá sna Ceithre Chúirt i mBaile Átha Cliath. Ní

chuireann leagan amach na gcúirteanna i mBaile Átha Cliath aon bhac ar imeaglú finnéithe ag aon duine ar mhian leis nó léi sin a dhéanamh. Go deimhin ní áibhéil a rá go n-éascaíonn sé é. Táthar ag súil go mbogfar plean na Seirbhíse Cúirteanna coimpléasc nua cúirte coiriúla chun cinn agus go dtógfar é ar chaighdeán atá comhionann le Cúirt Thaobh an Lagáin.

Cearta Achomhairc an Ionchúisimh

29. Labhair mé féin agus an stiúrthóir a bhí romham faoi seo ar go leor ócáidí. Níl cothromaíocht i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann idir an t-ionchúiseamh agus an chosaint i ndáil le cearta achomhairc. Tá ceart iomlán achomhairc in aghaidh ciontú ag an gcosaint. Lena linn seo is féidir leo aon cheist a ardú a éilíonn siad a cinneadh mícheart ina n-aghaidh, lena n-áirítear rialuithe dlí, cinntí chun fianaise a ghlacadh, coimrithe míchearta don ghiúiré, agus an cinneadh cás a fhágáil ag giúiré. Má éiríonn leo, d'fhéadfadh gur atriail nó éigiontú a bheadh mar thoradh air. I gcodarsnacht leis sin, ní bhíonn ceart achomhairc ag an ionchúiseamh ach in imthoisc amháin, seachas an ceart athbhreithniú a lorg ar phianbhreitheanna a bhíonn trócaireach go míchuí, agus sin i gcás ar cheist dlí go n-ordaíonn an breitheamh don ghiúiré an cúisí a fháil neamhchiontach, (Alt 34, an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967). Fiú sa chás sin, bíonn an t-achomharc "gan dochar". I bhfocail eile, seasann an fíorasc i bhfabhar an chúisí, ach féadfadh an chúirt achomhairc a chinneadh go raibh rialú dlí an bhreithimh trialach mícheart.

30. Níl aon cheart achomhairc, fiú achomharc "gan dochar", ag an ionchúiseamh sna cásanna seo a leanas:

    (a) rialú ag breitheamh trialach finaise ionchúisimh a eisiamh, fiú nuair a chliseann an triail mar thoradh ar an rialú,
    (b) ordú don ghiúiré ar cheist dlí nuair a bhíonn an cás fágtha ag an ngiúiré le cinneadh, fiú cé go bhféadfadh an t-ordú sin an bonn a bhaint go héifeachtach as cás an ionchúisimh,
    (c) rialú ag breitheamh trialach ag aistarraingt an cháis ón ngiúiré ar cheist fíorais.

31. Ní hamháin nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne rialuithe den sórt sin, ach seasann siad mar fhasaigh do-agóidithe a rialaíonn an tslí a ndéileáiltear le cásanna eile.

32. I mBealtaine 2002 d'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Páipéar Oibre ar cheist na n-achomharc ionchúisimh. Mar sin féin, creidim gur ceist phráinneach anois í agus fágfaidh corprú Choinbhinsiún na hEorpa ar Chearta an Duine ag deireadh na bliana seo, gan aon chearta ionchúisimh ar achomharc, an t-ionchúiseamh faoi mhíbhuntáiste suntasach. Tuigim go bhfuil sé ar intinn ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí moltaí a thabhairt chun cinn i ndáil le hachomhairc ionchúisimh go luath amach anseo.

33. Bhreithnigh Coiste Fennelly ceist na nAchomharc ag an ionchúiseamh freisin (Tuarascáil Fennelly, míreanna 671 - 693). Is mar seo a leanas a bhí a dtátáil (ag míreanna 691-693):

> Is é an pointe idirdhealaithe is tábhachtaí, i dtuairim an Choimisiúin Dlí, ná idir achomhairc le dochar agus achomhairc gan dochar. Chuirfeadh achomharc a chuirfeadh éigiontú i mbaol isteach ar an riail in aghaidh chontúirt dhúbailte. Tá an Grúpa Oibre ar an eolas faoi phlé agus fiú moltaí i Sasana chun eisceachtaí don riail stairiúil seo a chruthú. Is léir ó bhreithiúnais éagsúla de chuid na Cúirte Uachtaraí, ar sampla amháin de an sliocht ón mBreitheamh Henchy in *Crinnion*, gur athrú mór a bheadh in athrú den sórt sin. Is ceist maidir le dlí substaintiúil é sin, ar aon nós, atá lasmuigh de Théarmaí Tagartha an Ghrúpa Oibre. Ar an gcúis sin ar an gcéad dul síos, teorannaíonn an Grúpa Oibre a bhreithniú go dtí an tsamhail gan dochar. Níl aon mholl suntasach tuairime ann leis an éifeacht go mbíonn ár gcúirteanna fabhrach go míchuí don chosaint chun go gcruthófaí gá práinneadh d'athrú a bheadh ag brú isteach ar shaoirsí traidisiúnta.
>
> Go deimhin, is ann i bhfoirm alt 34 d'Acht 1967 foirm shubstaintiúil, más teoranta féin, d'achomharc éifeachtach chun an staid maidir le rialuithe a fhoirceannadh a chlúdach. Is í an teorainn go simplí nach bhfuil aon mhodh ag an ionchúiseamh pointí tábhachtacha dlí a chinntear seachas i bhfoirm fíoraisc ordaithe a achomharc nó a tharchur.

Mar sin féin, tá sé míshásúil nach bhfuil sásra ar bith ag an ionchúiseamh chun rialú a mheasann sé a bheith mícheart ar phonc dlí a thagann chun cinn le linn trialach a agóid. Is iomaí slí ar féidir leis sin tarlú: rialuithe ar inghlacthacht fianaise; rialuithe ar fhorléiriú chumhachtaí coinneála an Gharda Síochána; cuardach nó ceistiú; rialacha coimeáda; bannaí; rialuithe ar bhunreachtúlacht iompar na ngardaí; rialuithe ar chodanna de chion; agus rialuithe ar choimriú an bhreithimh don ghiúiré. I ndáiríre, tarlaíonn níos mó rialuithe den sórt sin ar phointí dlí le linn trialach ná ar ordú fiaraisc.

Tá an Grúpa Oibre sásta go bhfuil cás láidir ann chun leathnú a dhéanamh ar raon na gcúinsí inar féidir leis an ionchúiseamh cinneadh a fháil ar phonc ag leibhéal níos airde. Ar an gcéad ásc, d'fhéadfaí sin a bhaint amach trí raon na bponcanna dlí atá clúdaithe ag alt 34 d'Acht 1967 a leathnú. Seachas an fhíorais go mbeadh sé gan dochar do dhuine éigiontaithe, bheadh an nós imeachta cosúil leis sin faoi alt 2 den *Summary Jurisdiction Acht, 1857.*

Dá leathnófaí an nós imeachta seo, bheadh sé inmhianta go mbeadh an ceart ag an duine éigiontaithe ar abhcóide arna cheapadh nó arna ceapadh chun argóint a chur i láthair thar a cheann nó thar a ceann, ar amhlaidh an cás faoi Tharchur Ard-Aighne Shasana. Chomh maith leis sin, chaithfí a ainm a choinneáil faoi cheilt. D'fhéadfaí sin a dhéanamh, b'fhéidir, tríd an cás a lua trí uimhir, cosúil le córas Shasana.

34. D'fhéadfaí a agóidiú nach bhfuil baint ag ceist na n-achomharc ionchúiseamh leis na fadhbanna reatha a bhfuil an Coiste ag déileáil leo. Is é an freagra a thabharfainn air sin, áfach, seachas na héagartais a tharlaíonn i gcásanna áirithe, de bhrí nach bhfuil córas achomhairc ionchúisimh ann go bhfuil forbairt na dlí-eolaíochta coiriúla nach bhféadfadh freagairt ach do chlár oibre a bhíonn leagtha amach ag cosantóirí á tachtadh. Is dlí arna dhéanamh ag breithiúna í an fhorbairt sa dlí a bhaineann le inghlacthacht ráiteas i gCeanada a d'fhéadfadh tarlú mar go bhféadfadh an t-ionchúiseamh agóid a dhéanamh in aghaidh an dlí coiteann fad-bhunaithe i gcúirt achomhairc. Ní fhéadfadh sé sin tarlú go héasca anseo.

Giúiréithe

35. Tá go leor ceisteanna a bhaineann le giúiréithe ar chóir aghaidh a thabhairt orthu má tá triail le giúiré le bheith mar an modh is rogha linn chun déileáil le coireacht

thromchúiseach. Tá Acht na nGiúiréithe ann ó 1976, roimh ré na faisnéise, agus tá sé thar am é a leasú. Ar na ceisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu tá siad seo a leanas:-

(1) Conas giúróirí a chosaint ó imeaglú? Ar chóir go mbeadh nósanna imeachta ann ionas go bhféadfaí ainmneacha giúróirí a choimeád faoi cheilt? Más cóir cathain agus conas ba chóir iad sin a agairt? Ar chóir seoltaí giúróirí a choimeád faoi cheilt?

(2) Incháilitheacht do sheirbhís giúiré. Tá aicmí móra de shaoránaigh neamh-inroghnaithe nó insaortha ó sheirbhís giúiré. Ceistím réasúnacht go leor de seo. Cén fáth gur chóir go mbeadh an chléir, fiaclóirí, tréidlianna nó comhaltaí den Chomhairle Stáit, insaortha de cheart? Cén fáth, go deimhin, nach mbeadh dlíodóirí nach mbíonn i mbun cleachtais choiriúil san áireamh? Eisiann an córas reatha go leor daoine a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla nó slite beatha gairmiúla acu. Ní grúpa amasach de 12 saoránach a bhíonn fágtha, ach grúpa ar dócha gur lú den mheánaicme nó de dhaoine fostaithe a bhíonn ann ná an daonra ina iomláine. D'fhéadfaí a thabhairt ar aird gur mhol Tuarascáil Auld i Sasana le déanaí go leathnófaí raon na ndaoine is inroghnaithe do sheirbhís giúiré.

(3) Ar an láimh eile, tá an t-eisiamh ó sheirbhís giúiré a bhaineann le daoine ciontaithe sách teoranta. Eisítear daoine ar gearradh pianbhreith níos mó ná cúig bliana riamh orthu in aon chuid d'Éirinn, nó a rinne aon chuid de phianbhreith príosúnachta le deich mbliana roimhe sin áit a raibh ar a laghad trí mhí sa phianbhreith. Ní eisítear, dá bhrí sin, duine a rinne cionta i ndlínsí eile, is cuma cé chomh tromchúiseach, nó a rinne cionta tromchúiseacha dar gearradh pianbhreith fionraithe.

(4) Chomh maith leis sin, cuireann an córas agóidí gan cúis a lua ar chumas cosantóirí cibé méid amasachta a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis na heisiaimh bhunaidh a chur ar ceal. I gcásanna go mbíonn ilchosantóirí ann is féidir leis an gcosaint i bhfad níos mó agóidí a bheith aige na an t-iochúiseamh. Mar sin féin, caithfear roinnt cumhachta teoranta agóid a dhéanamh gan cúis a lua a choimeád mar go bhféadfadh cúiseanna maithe a bheith ann agóid a dhéanamh in aghaidh giúróra nach féidir a chruthú sa chúirt (mar shampla, eolas Garda ó fhoinse faoi rún go raibh giúróir ionchasach páirteach i gcoir).

(5) Tá an córas reatha chun giúróirí a ghairm ársa. Tá an córas a éilíonn suas le céad giúróir ionchasach láithriú i bpearsan ag an gcúirt le haghaidh roghnaithe neamhriachtanach agus cuireann sé am amú. D'fhéadfaí le teicneolaíocht nua-aimseartha saoránaigh a roghnú go hamasach ag baint úsáide as modhanna leictreonacha, agus ba chóir go bhféadfaí deireadh a chur le ceisteanna agóidí gan daoine a ghairm chun na cúirte gan ghá. Cén fáth nár chóir go mbeadh agóidí bunaithe ar liostaí réamhsoláthraithe? Cé fáth gur chóir go ndéanfaí agóid in aghaidh giúróra mar gheall nach maith le taobh amháin nó an taobh eile a dhreach nó a dreach?

(6) Tháinig fadhb chun cinn i roinnt cásanna le déanaí nuair nach raibh ar chumas giúróirí leanúint de bheith ag déileáil le cás. I láthair na huaire ní féidir leis an líon titim faoi 10 nó caithfear an triail a thréigean. D'fhéadfaí roinnt tuairimí a thabhairt air seo, tríd an líon íosta a laghdú nó an líon iomhlán giúróirí a mhéadú agus an líon íosta a fhágáil mar atá sé mar i nithe áirithe tá an dlí a bhaineann le díspeagadh neamhchinnte.

(7) Tá an dlí a bhaineann le cur isteach ar ghiúiré, seachas alt 41 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999, a dhéileálann le himeaglú giúróirí, bunaithe go príomha ar rialacha dlí coiteann a bhaineann le díspeagadh cúirte agus iarrachtaí cúrsa an cheartais a shaobhadh. Bheadh sé inmhianta bunús reachtúil a sholáthar.

36. Sílim gurbh fhiú grúpa beag saineolaithe a cheapadh chun tuairisciú ar leasú féideartha d'Acht na nGiúiréithe laistigh de chreat gearr ama.

Éisteachtaí Réamhthrialach

37. Tá gá práinneach le nósanna imeachta réamhthrialach a thabhairt isteach a chinnfeadh saincheisteanna áirithe roimh an triail le giúiré faoi réir, ar ndóigh, ag ceart na bpáirtithe iad a ardú arís os comhair giúiré nuair a éilíonn na himthosca sin. Dhéanfaí na saincheisteanna sin a chinneadh trí éisteacht "pléadáil agus orduithe" mar a thugtar de ghnáth air sa Ríocht Aontaithe.

38. Is é an chúis is mó chun glacadh le córas chun saincheisteanna dlíthiúla a chinneadh roimh an triail ná an éifeacht a bheadh aige ar thaithí giúróra i rith na

trialach. Is minic go mbíonn sé míchaoithiúil do ghiúróirí, a bhíonn ag déanamh seirbhíse poiblí, ar feadh laethanta, fiú seachtainí, i ndiaidh a chéile fad a bhíonn saincheisteanna dlíthiúla mar cheisteanna maidir le hinghlacthacht fianaise á phlé gan iad i láthair. Is ní le breithniú é cibé an chóir don bhreitheamh trialach nó do bhreitheamh eile a mbeadh a chinneadh ceangailteach na saincheisteanna sin a chinneadh. Mar sin féin, ní féidir neamhshuim a dhéanamh den tsábháilt as cuimse a bheadh mar thoradh ar an leasú seo.

39. Tá molta ag Tuarascáil Choiste Fennelly go dtabharfaí isteach éisteachtaí den sórt sin (Tuarascáil Fennelly míreanna 81-91). Is é an moladh a bhí acu go dtabharfaí réamhéisteachtaí isteach a mbeadh na feidhmeanna seo a leanas acu (nach mbeartaítear a bheith iomlán) (féach mír 85),
    - a aithint agus a chinneadh cibé an bhfuil nochtadh iomlán déanta ag an ionchúiseamh i gcloí lena oibligeáidí reatha;
    - réimsí a aithint inar chóir fianaise a chomhaontú nó glacadh léi faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1984, ailt 21 agus 22 lena n-áirítear glacadh le turascálacha saineolaithe;
    - aon fhianaise a aithint a d'fhéadfadh go n-éileodh sé nasc físe agus socruithe a dhéanamh chun an fhianaise sin a ghlacadh;
    - aon socruithe eile a dhéanamh amach a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le teicneolaíocht an eolais, úsáid a bhaint as teangairí agus as saoráidí eile;
    - a chumasú cinneadh a ghlacadh ar na cineálacha sin saincheiste i leith inghlacthacht fianaise ar féidir déileáil leo de réir a nádúir roimh an triail;
    - pléadáil a ghlacadh agus déileáil leis nó éisteacht a shocrú do phianbhreith a chur;
    - aon cheist maidir le gealtacht nó oiriúnacht pléadáil a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaithint; agus
    - a chur ar chumas na cúirte fad dóchúil na trialach a dhéanamh amach. (mír 776).

40. Is é luach príomha éisteachtaí réamhthrialach den sórt sin ná an triail a dhéanamh níos comhleanúnaí agus níos cuimsithí don ghiúiré agus dul chun cinn níos tapúla agus níos éifeachtaí trialacha a éascú. Ní bheadh gá an giúiré a chur amach as an gcúirt ar feadh tréimhsí a d'fhéadfadh a bheith fada nuair a bheifí ag déileáil le ceist

ar nós inghlacthacht fianaise. I roinnt cásanna d'fhónódh luath-chinneadh ar cheisteanna den sórt sin chun imeachtaí a ghiorrú cibé mar gheall go gcuirfí faoi deara don ionchúiseamh an cás a thréigean nó go mb'fhéidir go gcinnfeadh an cúisí pléadáil ciontach a thaifeadadh. Ní bheadh gá úsáid a bhaint as cúirt le saoráidí do ghiúiré in éisteachtaí réamhthrialach.

41. Rinne an Príomh-Aturnae Ionchúisimh, Claire Loftus, Uasal, ionadaíocht thar mo cheann ar Choiste Fennelly. Cé go bhfuil tacaíocht leathan tugtha agam do mholtaí Thuarascáil Fennelly fuair ráiteas easaontaithe a rinne Ms. Loftus thar mo cheann, (Tuarascáil ll 224-6), cé gur fáiltíodh roimh aitheantas na Tuarascála go raibh córas d'imeachtaí réamhtrialach riachtanach agus i bhfad de dhíth, locht ar mholtaí Fennelly mar go raibh siad ró-fhaiteach i dhá ghné.
    (1) gur mhainnigh siad moladh a dhéanamh go gcuirfí aon cheanglais nochta ar an gcosaint
    (2) gur mhainnigh siad moladh a dhéanamh go gcuirfí aon smachtbhannaí ar an gcosaint as neamhchomhlíonadh a bhforálacha a bheadh fágtha dá réir sin ar bhunús deonach.

42. Thug an ráiteas easaontaithe le tuiscint go bhféadfadh an ní seo a bheith go húsáideach ina ábhar do staidéar breise níos mionsonraithe ag grúpa oibre beag arna cheapadh ag an Aire.

43. Tá cóip de ráiteas easaontaithe an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh curtha ar fáil in athuair mar Aguisín 3. (ll 224-7)

Comhdhéanamh na Cúirte Achomhairc Choiriúil.

44. Is cúirt *ad hoc* í an Chúirt Achomhairc Choiriúil mar a seasann sí. Tá sí comhdhéanta de thriúr breithiúna, duine ón gCúirt Uachtarach agus beirt ón Ard-Chúirt. Roghnaítear na breithiúna ar a seal. Is é an éifeacht leis sin nach mbíonn cás-dlí na Cúirte comhleanúnach i gcónaí. Táim go láidir den tuairim gur fearr a d'fhónfaí do dhlí-eolaíocht choiriúil dá gceapfaí, ag aon tráth ar leith, triúr breithiúna ón gCúirt Uachtarach nó ón Ard-Chúirt chun suí ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil ar bhonn níos fad-tréimhsiúla. Leanfadh na breithiúna, ar ndóigh, de bheith ag déanamh a ndualgas eile de bhrí nach n-éilíonn cás-ualach na Cúirte Achomhairc

Choiriúil a gcuid ama go lán-aimseartha. Moltar gur chóir go gceapfaí breitheamh de ghnáth do thréimhse de thrí bliana ar a laghad.

45. Mhol Tuarascáil Fennelly gur chóir go mbeadh an Chúirt Achomhairc Choiriúil comhdhéanta de thriúr breithiúna ó chroí-ghrúpa de bheirt breithiúna den Chúirt Uachtarach agus de sheisear breithiúna den Ard-Chúirt (Tuarascáil, Míreanna 68 agus 639). Bheadh an moladh seo, má ghlactar leis, ina fheabhsúchán substaintiúil ar na socruithe reatha, cé go gcreidim gurbh fhearr dá mbeadh níos mó buaine ann.

Treoirlínte ar Phianbhreitheanna a chur

46. Tá drogall suntasach i gcúirteanna achomhairc na hÉireann na prionsabail a leagan amach ba chóir a bheith mar threoir do bhreithiúna trialach i gcinneadh ar phianbhreitheanna a chur. Tá an drogall seo, creidim, i bpáirt mar thoradh ar nádúr *ad hoc* na Cúirte Achomhairc Choiriúil. Tá molta ag Tuarascáil Fennelly go dtuilleann ceist iomlán pianbhreitheanna a chur agus na treoirlínte do phianbhreitheanna a chur staidéar neamhspleách. Aontaím go hiomlán leis an moladh sin (Tuarascáil, Míreanna 74 agus 670).

Moltaí Eile Thuarascáil Fennelly a bhaineann le nós imeachta coiriúil

47. Tugaim tacaíocht iomlán do mholtaí eile Thuarascáil Fennelly maidir leis an bPróiseas Trialach Coiriúil: féach míreanna Tuarascála 79-93, agus go háirithe míreanna 79 (tréimhse do Sheirbheáil an Leabhair Fianaise), 80 (Glacadh Teistíochtaí), 81 (Fianaise trí Nasc Físe), 92 (Taifeadadh Leictreonach Agallaimh), agus 93 (Rialacha Nós Imeachta Coiriúil).